

AN STAIR - IONAD CULTÚRTHA NA HÉIREANN I BPÁRAS A OIDHREACTH

Scríofa ag Fidelma Mullane
Aistrithe ag Eamon O Tuathail




CENTRE CULTUREL
IRLANDAIS

PARIS


Is iomaí cor a bhí i stair shuaithe scrúdta na hÉireann agus ní taise é do Choláiste na nÉireannach i bPáras. Ón lá ar bunaíodh an Coláiste i 1578 go dtí lá a athchóirithe agus a athnuachana i 2002, ba scáthán fíor é an Coláiste – is cuma cé acu faoi bhláth nó faoi smoladh a bhí sé – ar na tarluithe móra sa Fhrainc agus go hidirnáisiúnta sa pholaitíocht, san eacnamaíocht agus sa chultúr. Is díol suntais freisin gur institiúid – agus ní foirgneamh amháin – ab ea é an Coláiste, instiúid a chuaigh i mbun sagairt agus mic léinn a mhúnlú in imeacht ceithre chéad bliain. Thar a cheann sin, tharraing sé clú air féin i gcónaí mar láthair thionóil agus láthair choláisteach agus bhí an clú sin bunaithe ar aidhmeanna spioradálta, cultúrtha agus oideachais - clú nár chaill an Coláiste riamh.

Ba iad na manaigh as Éirinn fadó a ghlac páirt bhunúsach i gcrabhscaoileadh an mhanachais ar fud iarthar na hEorpa go háirithe ó dheireadh an VI céad leith, agus iad ag triall ó cheann ceann na Mór-Roinne mar oideoirí, mhisinéirí, bhunaitheoirí mainistreacha agus oilithrigh. Is féidir a n-oidhreacht Chríostaí sin a fheiceáil sa lá inniu i dtíortha mar an Fhrainc, an Eilvéis, an Ghearmáin, agus an Iodáil. San XV céad ba é an creideamh arís – má ba de thoisic fáthanna eile



Comhchomhairle Trianta (1545-1563)

ar fad – ba chúis le scaipeadh na mac léinn as Éirinn agus na sagart ar fud na hEorpa. Is é an chaoi go raibh sé d'eire ar na Caitlicigh as Éirinn an Mhór-Roinn a thabhairt orthu féin, agus é sin de bharr na ndlíthe a chros orthu an t-oideachas a fháil ina dtír féin. Ag an tráth sin, bunaíodh coláistí le haghaidh na nGael sa Fhrainc, sa Spáinn, san Ísiltír, san Iodáil, sa Pholainn, agus san Ísiltír Spáinneach. Is é an chaoi anois é go ndeachaigh beagnach gach uile cheann de na coláistí eaglasta sin ar an Mór-Roinn - cé is moite den Róimh - i léig idir an dá linn, ach maidir le Coláiste na nÉireannach i bPáras feictear anois gur cuireadh athbeocht inti mar Ionad Cultúrtha na hÉireann, an chéad



Coláistí na nÉireannach ar an Mór-Roinn san 18 Céad.

Ionad Cultúrtha dá leithéid ar domhan a dtugann Rialtas na hÉireann tacaíocht dó.

Sa chaoi sin, is ón XVI céad leith a chuaigh coláistí na mac léinn as Éirinn i méid ar an Mór-Roinn, i dtosach de thoisic athruithe instiúideacha a d'eascair ó ghluaiseacht an Fhrith-Reifirméisín agus i ndiaidh sin mar gheall ar an gcosc a cuireadh ar mhúnlú na gCaitliceach óg in Éirinn faoi dhul le sagartacht nó le haghaidh na ngairmeacha eile ina n-áirítear an mhíochaine, an t-arm, an dlí agus an tráchtáil. Ba mhór ar fad a chuir Comhchomhairle Trianta (1545-1563) a hanáil faoin bhFrith-Reifirméisín agus go háirithe trí choláistí eaglasta a bhunú le feabhas a chur ar bhéasa na cléire agus freisin ar an tearc-eolas múinte a bhí ag na sagairt féin. Chaitheadh na coláistí sin na mic léinn a mhúnlú agus, maidir leo siúd a ndearnadh sagairt díobh cheana in Éirinn, chuirfeadh siad barr feabhais ar a gcuid eolais ar an diagacht. Mar gheall ar fháthanna polaitiúla, b'éigean do na coláistí le haghaidh Caitliceach a bheith suite thar toinn amach agus cuireadh dlús leis sin nuair a tháinig na Péindlithe i bhfeidhm in Éirinn.

Chum na Sasanaigh na dlíthe “frith-phápareachta” sin (dlíthe i gcoinne an Chaitliceachais) mar dhlúth-pháirt dá straitéis d'fhonn Éire a ghabháil agus a phlandáil agus ba éard a bhí iontu sraith de bheartais leis na Caitlicigh a chur faoi smacht. Reachtáíodh na dlíthe siúd idir 1695 agus 1728 agus ní dhearnadh iad a aisghairm go dtí Fuascailt na gCaitliceach sa Bhreatain agus in Éirinn i 1829. Ag deireadh an XVIII céad, bhí bordáil ar dheich gColáiste is fiche fréamhaithe sna cathracha ollscoile, Lováin, Lille, Liospóin, Prág, Salamanca agus an Róimh. Is cosúil gur aithníodh comhthionól coláisteach na nÉireannach i bPáras mar an gcoláiste ba mhó le rá dá leithéid thar lear de bharr fhlosc mór na mac léinn a bhí ann agus freisin mar gheall ar an ard-cháil a bhí ar an gColáiste sin sa Fhrainc agus in Éirinn.

AN STAIR 2



Sa bhliain 1578, ba é John Lee as Port Láirge a bhunaigh “Comhthionól na Mac Léinn Éireannach i bPáras” nuair a bhailigh sé an bhuíon bheag de mhac-chléirigh as Éirinn le chéile sa Choláiste Montaigu.

Maidir leis an gcéad chomhthionól coláisteach Éireannach riamh a bunaíodh thar lear, is i leith an Athar John Lee as Port Láirge a chuirtear an t-éacht sin sa bhliain 1578: chuaigh seisear dá mhic léinn ansin isteach i gColáiste Montaigu de chuid Ollscoil Pháras.

Chuireadar fúthu i dtosach ag Sráid San Tomás agus toisc go raibh siad ag dul i méid

go sciobtha d’athraigh siad cónaí go Sráid de Sèvres mar ar lonnigh na mic léinn as Éirinn go ceann dhá fhichead bliain. Ina dhiaidh sin, shonraigh Uachtarán Ollscoil Pháras sa bhliain 1623, go gcomhdhéanfadh an bhuíon sin de mhic léinn as Éirinn “Coláiste Eaglasta” uaidh sin amach. Ba é an Rí Laoiseach XIV - agus é i Versailles - a bhronn an chéad áras buan ar Choláiste na nÉireannach de bhithin litreacha paitinne sa bhliain 1677. Bhí sé sin suite i Sráid des Carmes ag Coláiste na Lombardach, coláiste a bunaíodh i 1330 d’fhonn iostas a chur ar fáil do mhic léinn lodálacha agus iad gan gléas beo orthu. Ar na mic léinn a rinne staidéar ansin bhí lognáid Loyola sa chomhaireamh ceann agus, tamall beag ina dhiaidh sin, chaith Proinsias-Xavier seal ann. I rith an chéid dár gcionn, ba é Coláiste na Lombardach an phríomh-áit ar chruinnigh na mic léinn as Éirinn le chéile i bPáras. Is mór an cháil léinn a bhí ag na hollúna agus ag na mic léinn sin sa timpeallacht ollscoile sa Fhrainc agus mar a chéile in Éirinn agus bhain cuid acu Ollúnachtaí nó Uachtaránacht amach sna hinstiúidí ard-oideachais sa dá tír. Is iomaí cathaoir ollaimh freisin a líonadar in Ollscoil Pháras. Ach thar aon rud eile, tá moladh agus glóir shíoraí tuilte acu de chionn gur mhúnlaigh siad sagairt sár-oilte le haghaidh an mhisin in Éirinn.

Maidir leis na sagairt a tháinig thar ais go hÉirinn is mór a chuaigh siad i gcionn ní hamháin ar an saol cráifeach ach, lena chois sin, ar shaol comhdhaonnach an phobail agus ar chultúr na linne sin go coitianta in Éirinn. “Na tuairimí caolaigeanta a bhí acu nuair a d’fhág siad Éire, coigeartaíodh agus maolaíodh iad de bharr a dtrialla thar lear. Is minic a tharla sé gur chuir siad aithne ar dhaoine a bhí i bhfad níos oilte ná mar a chastaí ar mhinistir Protastúnach a raibh cónaí coitianta air faoin tuath in Éirinn. Anuas ar sin, rinneadh sagairt díobh agus iad in aois oirbhirt tar éis dóibh eolas a chur ar an saol mór ina réaltacht agus a éagsúlacht. Fiú murar chuir siad mórán i scríbhinn - nó gan scríobh ar bith - i réimse na diagachta nó na litríochta, bhí nósanna deá-iompair ar a laghad ar a gcomhairle acu agus an

chéadfacht a bhaineann le haicme chultúrtha agus lena chois sin creideamh acu i gcuibheas na cléire” (W. Lecky. *A History of Ireland in the Eighteenth Century*, 1892).

Mar sin féin, ní raibh an cuibheas sin in ann an siosma agus an bhuíon idir chléir agus mhic léinn a chosc ag Coláiste na Lombardach. Is é an chaoi go raibh idir scoláirí eaglasta agus neamheaglasta ag maireachtáil le chéile sa Choláiste sin, cuid acu a raibh ord beannaithe faighte acu cheana in Éirinn agus cuid eile nach ndearnadh sagairt díobh fós. Ba mhór an difear a bhí idir dheis mhaireachtála na mac léinn gan ord beannaithe – cuid acu a bhí i dtaobh na déirce amháin - agus na sagairt a thug a mbeatha i dtír de bharr comaoineacha Aifrin. Ba chúis é an difear sin go hiondúil leis na conspóidí a scair na mic léinn agus na sagairt ó chéile. Cuireadh deireadh leis sin go formhór de thoisic reachtaithe ríoga sa bhliain 1728, nuair a rinneadh Coláiste na Lombardach a bhronnadh ar an gcléir amháin agus foirgneamh eile i Sráid des Carmes ar na mic léinn eile.

Ach shroich scéal an Choláiste a bhuaic 98 bliain tar éis é a bheith bunaithe ag Sráid des Carmes nuair a d’fhódaigh na mic léinn iad féin i bhfoirgneamh nua faoi leith, foirgneamh buan Choláiste na nÉireannach, agus é sin suite arís i gcroílár an Cheantair Laidine. Sa bhliain 1769, ghlac Labhrás Ó Ceallaigh, ceannaire Choláiste na Lombardach, seilbh ar áras agus ar an bhfearann talaimh máguaird i Sráid du Cheval Vert. Tar éis don áras a bheith athchóirithe ó bhun go barr agus fadú a chur leis, bhí an foirgneamh sin réidh le fáilte isteach a chur roimh na mic léinn agus iad ag déanamh staidéir le bheith ina sagairt nó le haghaidh gairmeacha eile. Maidir leis na sagairt as Éirinn ar an bhfoireann mhúinte, bhí orthu siúd fanacht i gColáiste na Lombardach. Ach ní ró-fhada a mhair aga na fáilte sin, mar



nuair a thosaigh Réabhlóid na Fraince i 1789 is mór a chuaigh sin i gcion ar na comhthionóil as Éirinn i bPáras agus ar gach dá raibh i ndán dóibh. Sa bhliain 1793

coigistíodh Coláiste na Lombardach agus Coláiste na nÉireannach araon. Tugadh thar ais an dara ceann acu i 1795 ach níor imigh na hÉireannaigh riamh thar ais chuig Coláiste na Lombardach. Is mór an bhaint a bhí ag Briogáid na hÉireann – an tSean-Bhriogáid ar ghlac na reisimintí páirt inti, iad a thug seirbhís ar son na Fraince ón mbliain 1691 anuas – leis an gColáiste mar a ndearna cuid mhaith de na saighdiúirí cúrsaí staidéir. Ach scaoileadh soir siar iad siúd ag tús na Réabhlóide. Maidir le tír na hÉireann féin, lean na Sasanaigh den fhorghabháil agus den phlandáil i gcónaí. Ach i gcaitheamh an XVII céad thosaigh an saol mór ag

AN STAIR 3



Chuir an Príomh-Chonsal, Napóilean I (“Impire” ina dhiaidh sin) suim sa Bhriogáid Éireannach agus i gColáiste na nÉireannach. Ar scaoileadh do na reisimintí Éireannacha i 1791, bhunaigh Napóilean Léigiún Éireannach agus thíolaic sé a bhratach pearsanta dó.

athrú. Níor lúide an t-athrú a tháinig ar Choláistí na nÉireannach ar an Mór-Roinn dá bharr agus ba é an dála chéanna ag an gColáiste i bPáras é. I measc mhuintir na hÉireann bhí an teanga Ghaeilge féin ag dul ó chion agus bhí formhór na ndaoine a raibh bara na himirce fúthu ag aimsiú ar na tíortha ina labhraí Béalra le saol nua a bhaint amach dóibh féin.

Sa bhliain 1795 bunaíodh Coláiste Má

Nuad le bheith ina choláiste eaglasta frith-réabhlóideach agus de bhrí freisin go raibh Coláiste na nÉireannach i bPáras faoi choigistíocht: i bPáras is ea a mhúnlaí dhá thrían den chlér as Éirinn ar an Mór-Roinn ag an am sin. Thar a cheann sin ó thús an XIX céad i leith bunaíodh coláistí eaglasta eile ar fud na hÉireann. Dá bharr sin, ní ag an bhFrainc a bhí an tús áite pribhléideach mar cheann scríbe do na mic léinn ní ba mhó.

Sa tréimhse idir 1793 agus 1802 baineadh leas as Coláiste na nÉireannach mar scoil le haghaidh buachaillí Francacha faoi bhainisteoireacht an Abbé MacDermott. Sa bhliain 1802, rinne Napóilean Bonaparte, a raibh a dheartháir Jerome ina dhalta sa scoil ar feadh scaithimh, forógra consalach ag tabhairt cead don Choláiste a athoscailt ach ar choinníollacha a bhí as an gcoitiantacht ar fad. Is éard a bhí i gceist go ndéanfaí Coláistí na nÉireannach, na Sasanach agus na nAlbanach agus na fondúireachtaí a bhain leo a chomhaontú le chéile. Is é an chaoi gur chuir sin deireadh le hiontas na sagart as Éirinn i gColáiste na Lombardach. Is féidir, mar sin féin, séipéal Choláiste na Lombardach a fheiceáil i gcónaí i Sráid des Carmes. Uaidh sin amach is é Église Saint Ephraim des Syriens (Eaglais Naomh Ephraim den tSiria) is ainm don séipéal agus is díol suime é gurb í sin an t-aon eaglais i bPáras a tógadh i bpatrún foirgnimh de chuid an ailtire cháiliúil Iodálaigh, Gian Lorenzo Bernini. Sa lusca faoin eaglais is ea atá sean-bhaile síoraí na domhnaíochta Éireannach a raibh baint acu leis an gColáiste a bhí ann tráth.

Sa bhliain 1807 thug uachtarán Choláiste na nÉireannach, Jean-Baptiste Walsh, ar Napóilean ainm Shráid “du Cheval Vert” a athrú de bhithin forógra phroifíochtaigh agus ba é ainm nua na Sráide, “rue des irlandais”. Is léir gurbh é atheagrú Napóilean in alt na huaire sin a chuir an Coláiste ar sábháil, agus cé gurbh éigean do na páirtithe i dtrácht

glacadh leis, ba le col agus in aghaidh a dtola a rinneadar é. I gcaitheamh an chuid is mó den XIX céad agus arís sa XX céad, chuaigh an Coláiste i gceann a chuid oibre arís mar choláiste eaglasta le haghaidh na mac léinn as Éirinn agus ar na saolta deireanacha le haghaidh mac léinn ón bPolainn, freisin. Tháinig sé slán as an gCogadh Franc-Prúiseach agus as an dá chogadh dhomhanda. Ba iad na hÉireannaigh féin a fuair dídean ón XVI céad i leith i gColáiste na nÉireannach agus sna hinstiúidí léinn eile i bPáras, agus anois ba é seal na nÉireannach díon agus dídean a thabhairt do dhaoine eile a bhí ar an anás. Rinneadh ospidéal den Choláiste agus cuireadh cóir ansin ar thrí chéad de shaighdiúirí na Fraince i gcaitheamh an Chogaidh Franc-Prúisigh sa tréimhse 1870-71. Arís sa bhliain 1945, tugadh dídean ansin do dhaoine díláithrithe a bhí ag iarraidh na náisiúntachta Meiriceána ar an arm Meiriceánach. Agus ag deireadh an scéil, ba iad na mac-chléirigh Pholannacha a bhain leas as an gColáiste sa tréimhse 1945-1997. Níor insíodh scéal na ndéanaithe sin go hiomlán riamh fós agus ba chóir é a dhéanamh feasta.

CUNTAS STAIRIÚIL SUNTASACH

Is iomaí cor a bhí i gcuntas stairiúil an Choláiste mar instiúid. I gcaitheamh na gceithre chéad bliain a ghabh thart ba é an Coláiste a réitigh an chonair roimh shlua mór de mhuintir na hÉireann, roimh na Francaigh agus roimh phobail idirnáisiúnta eile go cathair an spioraid, cathair na héigse agus cathair an chultúir. Fiú mura ndearnadh tábhacht stairiúil an Choláiste a mheas go huile agus go hiomlán fós, níl gar do aon duine an tábhacht a bhain leis a shéanadh. Ba mhór í gníomhaíocht an chomhthionóil choláistigh sin gan bhréag gan áibhéil – rud a fheictear freisin sna staróga agus sa bhéaloideas ina leith.

Ba é Montesquieu a dúirt gur bhain na mic léinn as Éirinn Páras amach “gan pingin ina bpócaí ach le tallann na



Is é séipéal Choláiste na Lombardach an t-aon iarsma amháin den chéad Choláiste Éireannach a tháinig slán go dtí an lá inniu. Sa lusca ansin, tá scata d’Éireannaigh cháiliúla curtha, daoine a tharraing cáil orthu féin toisc baint a bheith acu leis an Coláiste sin ó thús.

díospóireachta acu thar cuimse”. Ba é an “tallann thar cuimse” sin de réir dealraimh a thug slán an Coláiste ar feadh breis is ceithre chéad bliain. Is leor súil a chaitheamh ar stair an Choláiste le cruthú cé chomh cumasach is a bhí ceannairí an Choláiste. Bhí orthu taithí le deacrachtaí an tsaoil, dul i ndáil caibidle ar an leibhéal ab airde - is cuma cé acu Laoiseach XIV nó Napóilean Bonaparte a bhí i réim – agus titim



CENTRE CULTUREL
IRLANDAIS

PARIS

AN STAIR 4

isteach ar an mbealach ab fheiliúnaí ab fhéidir le cora crua na polaitíochta agus an chultúr má ba in Éirinn nó sa Fhrainc a gcúis. Lena chois sin, tá stair Choláiste na nÉireannach breac ballach le staróga bríomhara. Deismireacht mhaith is ea scéal an chambúis a thit amach ar an Champ de Mars:

Sa bhliain 1780, d'fhonn Féasta San Nioclás a chomóradh ar an 6ú lá de mhí na Nollag, shocraigh na mic léinn as Éirinn cluiche peile a imirt ar an Champ de Mars agus is éard a bhain siad úsáid as mar bhéal báire, Altóir na hAthartha,

altóir a tógadh i gcuimhne threascairt an Bastille seal beag roimhe sin. Ní baileach a cuireadh báire nuair a tháinig uair na cinniúna agus leagadh an Altóir leis an mbuille. Ghlac an lucht féachana Francach scannal agus fearg agus ba ghearr leo go ndéanfadh siad na ciontaigh Éireannacha a linseáil. Níl aon amhras i gcaitheamh an



chambúis a tógadh ina dhiaidh sin ach go gcuirfí na mic léinn as Éirinn chun báis ar an toirt ach go ndearnadh an Ginearál Lafayette eadráin eatarthu agus eisean i gceannas shaighdiúirí an Gharda Náisiúnta. Dá thoradh sin, foilsíodh deich is dhá fhichead paimfléad ar an lá dár gcion. Ba thráthúil an mhaise do chách go raibh sé de mhisneach ag mac léinn amháin - Pádraig Mac Cionnigh – caint a chur uaidh as cosa i dtaca i láthair an tslua, caint a bhí dáiríre nádúrtha agus lán de ghus agus de bheogacht. Ba í éirim a chuid cainte, an troid ar son shaoirse na hÉireann agus an cúnamh a thug muintir na Fraince don chúis sin. In ainneoin na cainte sin, ba chosúil ar an gceann is lú de go n-imeodh an slua sa ruaig reatha isteach sa Choláiste nó rud ba mheasa fós go ndúnfaí an Coláiste go cinnte agus go deo.

Is léir go raibh sár-eolas ag na mic léinn diagachta sa XVIII céad sa Fhrainc ar an iliomad teanga agus ba chóir gur dhíol inspioráide é sin agus eiseamláir freisin do mhic léinn an lae inniu. Ba réamhchoinníoll é Gaeilge a bheith ar a thoil ag gach ábhar scoláire sula gcuirfí iarratas isteach chuig aon cheann de Choláistí na nÉireannach ar an Mór-Roinn. Mar shampla ag Bordeaux, bhí sé riachtanach go mbeadh eolas den scoth ag na mic léinn ar gach uile cheann de na teangacha breise seo freisin: an Laidin, an Fhraincis, an Spáinnis, agus an Béarla. Bhí sé ag teastáil ó na sagairt ar thoil leo an tAifreann a léamh agus faoistiní a éisteacht in Éirinn go mbeadh an Ghaeilge ar eolas acu. Ba í an Ghaeilge teanga bhunáite an phobail i gcónaí in Éirinn sa XVIII céad agus bhí sé ar chumas fhormhór na mac léinn i gColáistí na nÉireannach ar an Mór-Roinn an Ghaeilge a labhairt go líofa.

Is ag an gColáiste i bPáras a bunaíodh an chéad mhaoineas leis an nGaeilge a mhúnadh sa ré nua-aimseartha. Sa bhliain

1732 foilsíodh i bPáras “An Foclóir Béarla Gaoidheilge” le “Conchobhar Ó Beaglaioich” agus “Aodh buí mac Cuirtín” agus sa bhliain 1742 “An Teagasc Criosduidhe de Réir Ceasda agus Freagartha” le Aindrias Ó Doinnshléibhe agus a bhuíochas air sin do chomhthionól coláisteach oilte agus léanta as Éirinn a bheith i láthair. Is é an chaoi freisin go raibh an Abbé Ó Beaglaioich, almsóir an chomhthionóil, i seilbh ar na litreacha sa chló gaelach ón bhliain 1730 anuas, rud ar baineadh leas as go tráthúil. Foilsíodh foclóir eile, “Foclóir Gaoidhige-Sax-Bhéarla” le John O'Brien (Seán mac Thomáis Í Bhriain), i bPáras sa bhliain 1768.

AN FOIRGNEAMH

Mar a dúradh cheana, ba é Laurence Kelly a cheannaigh an t-áras suite ar Shráid du Cheval Vert agus thólaic sé mar dheontas é do chomhthionól na mac léinn. Is cosúil chomh dóigh lena mhalairt gurbh é François-Joseph Bélanger, an t-



Sa bhliain 1677, ba é an Rí Laoiseach XIV, de bhithin litreacha paitinne, a bhronn Coláiste na Lombardach ar na hÉireannaigh - coláiste ársa Iodálach a chuaigh chomh fada siar leis an mbliain 1330 – agus sonraíodh go dtairbhíodh an Coláiste Éireannach de “na pribhléidí, na cearta agus na díolúintí uile ar an gcaoi cheannann chéanna agus a thairbhíodh na Coláistí a bunaíodh ar son na bhFrancach féin”.

ailltire a thóg an Coláiste nua. Bhí cáil air sin mar gheall ar na hoibreacha tógála a ghlac sé as lámh ar son dearthár leis an Rí Laoiseach XIV. Ba ar son an dearthár sin a bheartaigh sé an Caisleán de Bagatelle, suite i lár an Bois de Boulogne. Maidir leis an gColáiste, thóg Belanger áras ceithre stór agus mhaisigh sé é le cúig fhuinneog déag agus dhá sciathán ar dheisiúr an chlóis. De bharr na n-athruithe sin d'éirigh leis go geal foirgneamh coláisteach a dhéanamh d'áitreach príobháideach.

Chaomhnaigh sé smut den sean-áitreabh: is é sin an staighre a théann chomh fada siar leis an XVII céad agus atá le feiceáil sa lá inniu go fóill ansin. Osclaíodh Coláiste na nÉireannach go foirmiúil sa bhliain 1775.

I gceann de na sciatháin a dhear Belanger tógadh an séipéal agus an leabharlann. Coisricadh an séipéal in onóir do Naomh Pádraig agus meastar gurb é an séipéal sin an chuid is suimiúla den Choláiste ó thaobh na hailtireachta de. Is ansin freisin a fheictear an raidhse ornáideachais is mó atá ar fáil sa Choláiste. Tá barr áilleacht thar cionn comórtais ar an obair phictiúrtha agus ar na mionmhaisiúcháin a cuireadh i gcrích sa bhliain 1860. Is é is dóichí de gur as sean-Choláiste na Lombardach a tháinig an

AN STAIR 5

dealbh de Mhuire Ógh leis an Leanbh Íosa, agus tá sé sin suite i gcuas faoi bhun na príomh-altóra. Díreach os cionn an tséipéil is ea atá an leabharlann agus í suite in áiléar bogtach agus séala na simplíochta go hiomlán uirthi. Is ansin a cuireadh i dtaisce an séad fine is mó as measc na lámhscríbhinní Gaeilge sa Choláiste – Leabhar Mór Leacáin a scríobhadh idir 1390 agus 1418. Cuireadh ar sábháil an lámhscríbhinn sinn sa leabharlann ar feadh an chuid is mó den XVIII céad go dtí gur seoladh thar ais í slán ó chontúirt



Sa leabharlann tá scríbhinní, cuid mhaith acu atá neamhchoitianta agus luachmhar ar fad, agus ní de bhunadh Éireannach amháin iad, óir tháinig sciar díobh ó na leabharlanna a bhí ag na Coláistí Caitliceacha eile i bPáras, sular comhaontaíodh le chéile iad.

go hÉirinn chuig Acadamh Ríoga na hÉireann in Átha Cliath sa bhliain 1787.

Ba mhillteanach an tubaiste é gur cailleadh gach dá raibh i leabharlann bhunaigh an Choláiste i gcaitheamh na Réabhlóide. Maidir leis an gcnuasach leabhar atá ann anois, cuimsíonn sé bordáil ar 10,000 scríbhinn agus

téann beagnach a leath díobh siar go dtí an tréimhse idir an XV céad agus an XVIII céad. Is éard atá sa chnuasach, leabhair agus lámhscríbhinní a tháinig ó institiúidí eaglasta eile atá ar troigh gan tuairisc anois, agus go háirithe institiúidí de thraidisiún na teanga Béarla - ina n-áirítear an Coláiste Albanach agus an Coláiste Eaglasta Sasanach i bPáras - agus lena chois sin saothar liteartha a bhfuarthas seilbh air i gcaitheamh an XIX céad agus a raibh suim éigin a bhain le hÉirinn. Anuas ar sin, toisc go ndearnadh Napóilean na Coláistí Sasanacha agus Albanacha a chomhcheangal le Coláiste na nÉireannach de bharr an fhorógra a rinne sé sa bhliain 1802, fuair Coláiste na nÉireannach seilbh ar chuid de thoscáin agus de phictiúir de bhunadh na nInstitiúidí sin, mar shampla an pictiúr ón XVII céad a thaispeánann mairtíreacht Naomh Edmond. Baintear úsáid anois as an leabharlann mar shéadchomhartha agus ní mar láthair oibre, agus rinneadh í a athchóiriú go hiomlán.

A bhuíochas do Rialtas na hÉireann a thug ugach agus airgead le cúis an Choláiste a chosaint agus do bhaill Chomhairle Riaracháin na Fondúireachta Éireannaí freisin a rinne éacht oibre ar a son, cuireadh i gcrích oibreacha tábhachtacha athchóirithe agus athnuachana d'fhonn an

Coláiste a chur in úsáid arís le cultúr na hÉireann a spreagadh. An té a shiúlann isteach anois thar an doras, uimhir 5 ar Shráid na nÉireannach, is éard a nochtar dó spás glan, sámh mar a bheadh radharc ar thamhnach fhéaraigh i gceartlár an cheantair Laidine, ceantar fuadrach driopásach thar cuimse. Ní rud dochreidte é go mbainfí stad as an té sin le hiontas agus le háineas sa lá inniu, ar an dóigh chéanna is ar baineadh stad go cinnte as na mic léinn úra as Éirinn, nuair a leag siad súil ar an gclós taobh istigh den Choláiste den chéad uair sa bhliain 1775. Cé acu de na mic léin siúd san am sin fadó arbh fhéidir leis a shamhlú go raibh tús á chur le scéal, scéal eachtra a rachadh ar aghaidh agus i ndoimhneacht san áit chátúil seo go bunáiteach suas go dtí ár linn féin? I rith na mblianta fada sin, is minic a bhí ar an gColáiste cúrsa a athrú agus leathbhord a thógáil. Ba mhínic freisin a shéid gaoth na córa ar an taobh nach rabhtas ag coinne léi. Anois tar éis a athchóirithe go hollásach agus Ionad Cultúrtha na hÉireann a bheith fréamhaithe i gcompal a bhallaí, is féidir le Coláiste na nÉireannach dul ar aghaidh faoi lán seoil le farasbarr ratha, blátha agus rathúnais a chur ar an deá-chaidreamh agus ar an gcairdeas idir phobal na Fraince agus phobal na hÉireann, feasta.

CLÁR LEABHAR

Rinneadh obair taighde fhóinteach ar stair Choláiste na nÉireannach i bPáras agus ar ábhar níos leitheadaí fós, stair na nGael sa Fhrainc. Is iomaí foilseachán a cuireadh i láthair an phobail de bharr an taighde sin sna deich is dhá fhichead bliain a ghabh tharainn. Is iad na hoibreacha is cuimsithí iad siúd a d'fhoilsigh an tAthair Liam Swords. Tráth a raibh sé ina Uachtarán ar an gColáiste, rinne sé taighde léanta a bhí bunaithe ar na lámhscríbhinní féin agus is saothar tagartha den scoth gach dár chuir sé ar pháir.

- Caillet, M., 1995, *Bibliothèque du Collège des Irlandais, Patrimoine des Bibliothèques de France*, Paris, leath. 168-169
- Mac Cana, P., 2001, *Collège des Irlandais and Irish Studies*, Dublin
- McDonnell, J., 2001, *From Bernini to Celtic Revival: A Tale of Two Colleges in Paris*, Irish Arts Review, leath. 165-175
- O'Sullivan, T., (Ed.) agus Devlin, B., *The Irish College in Paris*, Dublin
- Swords, L., (Ed.), 1978, *The Irish-French Connection, 1578-1978*. Paris.
- Swords, L., 1989, *The Green Cockade. The Irish in the French Revolution 1789-1815*. Dublin